Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2024
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0068(COD)

8148/24
ADD 5

SOC 231
EMPL 133
ECOFIN 353
EDUC 99
JEUN 64
CODEC 885
IA 93

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2024) 68 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis na doiciméid<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le caidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac<br>agus an<br>Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna lena n-ionadaítear Moladh an 10 Márta 2014 ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2024) 68 final.

---

Faoi iamh: SWD(2024) 68 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.3.2024
SWD(2024) 68 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[…]**

***a ghabhann leis na doiciméid***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le caidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac**

**agus an**

**Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna lena n-ionadaítear Moladh an 10 Márta 2014 ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna**

{COM(2024) 132 final} - {COM(2024) 133 final} - {SEC(2024) 97 final} - {SWD(2024) 66 final} - {SWD(2024) 67 final}

## A. An gá atá le gníomh ón Aontas

**Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi**?

Tá 3.1 milliún oiliúnaí san Aontas Eorpach, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar thréimhsí oiliúna. Is féidir le tréimhsí oiliúna ardcháilíochta a bheith ina n-iontráil sa mhargadh saothair. Mar sin féin, **tá dúshláin ann** d'ainneoin na bhfeabhsuithe a tháinig as Moladh 2014 ón gComhairle maidir le creat cáilíochta le haghaidh tréimhsí oiliúna (Creat Cáilíochta 2014).

Baineann an chéad dúshlán leis an **úsáid mhíchuí a bhaineann soláthraithe tréimhsí oiliúna as tréimhsí oiliúna**, i.e. cleachtais neamhdhleathacha lena mbíonn gnáthchaidrimh oibre faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna nó nuair nach gcomhlíonann tréimhsí oiliúna an dlí. Déantar na cearta ábhartha atá cumhdaithe i ndlí an Aontais, sa dlí náisiúnta nó i gcomhaontuithe comhchoiteanna a bhaint de dhaoine atá i dtréimhsí oiliúna neamhdhleathacha. Is é an dara dúshlán ná tréimhsí oiliúna ar **dhrochcháilíocht**, gan aon luach saothair, sin nó luach saothair íseal gan údar leis, gan rochtain ar chosaint shóisialta agus/nó gné foghlama faoi bhun caighdeáin, cé go bhféadfaidís a bheith dleathach. Baineann an tríú ceann le **rochtain mhíchothrom** mar gheall ar bhacainní ar ghrúpaí leochaileacha, bacainní ar thréimhsí oiliúna trasteorann agus dúshláin a bhaineann le tréimhsí oiliúna cianda/hibrideacha.

Déantar difear diúltach mar gheall ar na fadhbanna sin d'aistriú daoine (óga) chuig an margadh saothair, rud a fhágann go mbaintear cearta saothair de chuid acu a bhfuil siad ina dteideal agus go méadaítear baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Cruthaítear iomaíocht éagórach sa mhargadh leo freisin, d'fhéadfaidís mímheaitseáil scileanna a bhuanú agus bac a chur ar iomaíochas an Aontais.

**Cad é toradh measta an tionscnaimh seo?**

Is é an cuspóir ginearálta atá aige feabhas a chur ar úsáid agus ar cháilíocht tréimhsí oiliúna agus ar an rochtain orthu ar fud an Aontais, ionas go soláthrófar fíorthaithí foghlama agus oibre leo lena n-éascófar aistrithe ón oideachas go dtí an obair agus ó phost go post. Go sonrach, tá sé d'aidhm aige forfheidhmiú na reachtaíochta is infheidhme a neartú agus tacú le hoiliúnaithe rochtain a fháil ar a gcearta saothair, cosc a chur ar úsáid mhíchuí tréimhsí oiliúna, tacú le dálaí oibre cothroma (lena n-áirítear luach saothair agus rochtain ar chosaint shóisialta), feabhas a chur ar chomhpháirt foghlama na dtréimhsí oiliúna, agus rochtain ar dheiseanna oiliúna.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Le tionscnamh an Aontais, rannchuideofar le cuspóirí an Chonartha a bhaint amach maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus dul chun cinn sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart leis an tionscnamh cóineasú sóisialta aníos a spreagadh agus comhleanúnachas an Mhargaidh Aonair a fheabhsú, trí thacú leis na Ballstáit cothrom na Féinne, forfheidhmiú na rialacha is infheidhme agus leibhéal comhsheasmhach agus cothrom cosanta a áirithiú d'oiliúnaithe san Aontas. Cuirfidh sé freisin le líon na n-oibrithe (a bheidh ann amach anseo) a bhfuil na scileanna ábhartha acu, rud a chuirfidh le hiomaíochas gnólachtaí agus le cuimsiú sóisialta.

## B. Roghanna beartais

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Cén fáth?**

Rinneadh ceithre réimse beartais a mheas sa mheasúnú tionchair, lena dtugtar aghaidh ar an méid seo a leanas: úsáidí míchuí (A), droch-cháilíocht (B) agus rochtain mhíchothrom ar thréimhsí oiliúna (C), agus bearnaí sa raon feidhme (D). Roghnaíodh na roghanna beartais sin mar gheall ar na scóir dhearfacha is airde a bhí acu i dtéarmaí éifeachtachta, éifeachtúlachta, comhleanúnachais agus comhréireachta, i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Faoi **Réimse Beartais A** éilítear leis an rogha thosaíochta rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha chun tréimhsí oiliúna neamhchomhlíontacha agus caidrimh oibre atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a bhrath agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh ina n-aghaidh, agus liosta neamh-uileghabhálach d'eilimintí a shainítear ar leibhéal an Aontais ina thaca leis sin. Cuimsítear leis bearta chun tacú leis na húdaráis inniúla maidir lena measúnú agus lena mbearta tacaíochta tiomnaithe d'oiliúnaithe chun a gcearta a fhorfheidhmiú.

Faoi **Réimse Beartais B**, áirithítear leis nach gcaitear le hoiliúnaithe ar oibrithe iad ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, a mhéid a bhaineann le dálaí oibre, lena n-áirítear pá, leis an mbealach a gcaitear le hoibrithe ar leibhéal iontrála inchomparáide, ach amháin má tá údar leis ar fhorais oibiachtúla. Soláthraítear leis, *inter alia*, moltaí maidir le luach saothair cothrom/comhréireach, maidir le rochtain ar chosaint shóisialta agus meantóireacht do gach oiliúnaí agus maidir le síneadh a chur leis an bhfaisnéis a sholáthraítear trí chomhaontuithe i scríbhinn maidir le tréimhsí oiliúna.

Faoi **Réimse Beartais C** tá moltaí ann chun 1) rochtain chomhionann ar thréimhsí oiliúna a áirithiú do ghrúpaí leochaileacha, 2) tréimhsí oiliúna trasteorann a éascú agus 3) feabhas a chur ar thréimhsí oiliúna cianda/hibrideacha. Faoi **Réimse Beartais D**, leathnaítear an raon feidhme chuig gach tréimhse oiliúna.

Is é an rogha thosaíochta pacáiste de **Threoir** a bhfuil feidhm aige maidir le hoiliúnaithe ar oibrithe iad faoi dhlí an Aontais agus **Moladh nuashonraithe ón gComhairle** lena gcumhdaítear na hoiliúnaithe go léir.

**Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?**

Léirítear leis an rogha thosaíochta tosaíochtaí Rún 2023 ó Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 225 CFAE inar iarradh ar an gCoimisiún Creat Cáilíochta 2014 a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú agus ionstraim reachtach níos láidre a dhéanamh de. Freagraíonn sé freisin do mholadh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus do sheasamh na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí óige. Mar gheall ar bhreithnithe coimhdeachta, comhréireachta agus dlíthiúlachta, áfach, níl na bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí a d'iarr na páirtithe leasmhara sin san áireamh sa rogha thosaíochta i roinnt réimsí. Aontaíonn fostóirí leis an gcuspóir ginearálta agus leis an gcuid is mó de na roghanna beartais faoin rogha thosaíochta, ach tá siad in aghaidh beart atá ina cheangal ó thaobh dlí agus tacaíonn siad ina ionad sin le gníomhaíocht neamhreachtach.

## C. Tionchair na rogha beartais thosaíochta

**Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta?**

Soláthrófar **sochair shóisialta d'oiliúnaithe** trí thréimhsí oiliúna míchuí agus tréimhsí oiliúna ar dhroch-cháilíocht a laghdú. Is é a bheith ina thoradh air freisin líon níos lú oiliúnaithe a dhéanfaidh tréimhsí oiliúna ar feadh fad iomarcach, lena n-áirítear tréimhsí oiliúna a athdhéantar/a dhéantar ceann i ndiaidh a chéile leis an bhfostóir céanna. Freisin, bheadh luach

saothair níos cothroime ann d'oiliúnaithe, mar aon le rochtain níos mó ar chosaint shóisialta agus deiseanna foghlama níos fearr. Ag brath ar an gcur chun feidhme, d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do suas le 1.5 milliún oiliúnaí gan íocaíocht agus do 300 000 oiliúnaí ar íocaíocht gan rochtain ar chosaint shóisialta iomlán. Tairbhe eile a bheadh ann d'oiliúnaithe a mheastar a bheith ina n-oibrithe is ea an chóir chéanna a bheith acu is atá ag oibrithe eile/oibrithe ar leibhéal iontrála sa bhunaíocht chéanna, ach amháin má tá údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla. Leis an rogha thosaíochta, dhéanfaí tréimhsí oiliúna níos inrochtana d'oiliúnaithe ó ghrúpaí leochaileacha freisin, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Meastar go mbeidh **tairbhí eacnamaíocha ann do sholáthraithe tréimhsí oiliúna**, a mbeidh iomaíocht níos cothroime sa mhargadh acu mar thoradh ar an rogha thosaíochta. Thairis sin, bheadh gnóthachain táirgiúlachta agus iomaíochais ina dtairbhe d'fhostóirí mar gheall ar lucht saothair níos oilte a bheith acu. Thiocfadh tairbhí breise as comhoiriúnú níos fearr sa mhargadh saothair agus as rátaí coinneála níos airde a d'fhéadfadh costais chuardaigh, comhoiriúnaithe agus earcaíochta fostóirí a laghdú. Freisin, thairbheodh soláthraithe tréimhsí oiliúna de linn iarrthóirí níos leithne agus níos ilghnéithí.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta?**

Baineann **príomhchostais** na rogha tosaíochta leis an méadú a d'fhéadfadh a bheith ar chostais saothair agus ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha agus ar phionóis. Ní bheadh feidhm acu sin ach amháin maidir le soláthraithe tréimhsí oiliúna i gcás ina sainaithnítear, le rialuithe agus le hiniúchtaí, tréimhsí oiliúna míchuí, chomh maith le soláthraithe a thairgeann tréimhsí oiliúna ar dhroch-cháilíocht. Tugtar le tuiscint leis freisin roinnt costas a bhaineann le dul in oiriúint do na forálacha nua agus faisnéis a sholáthar (arna iarraidh sin) d'údaráis inniúla maidir le hoiliúnaithe agus a gconarthaí.

Bhí imní ar roinnt páirtithe leasmhara go bhféadfadh na costais sin an tairiscint tréimhsí oiliúna a laghdú, go háirithe tréimhsí oiliúna ar íocaíocht. Is dócha gur tréimhsí oiliúna míchuí agus/nó tréimhsí oiliúna ar dhroch-cháilíocht a bheidh i bhformhór na dtréimhsí oiliúna sin a d'fhéadfadh a bheith caillte, rud a chomhfhreagraíonn d'aidhm an tionscnaimh. Táthar coinne leis go mbeidh éifeacht bheag ar thréimhsí oiliúna ar íocaíocht a laghdú, i bhfianaise na sochar do sholáthraithe tréimhsí oiliúna, do threochtaí déimeagrafacha agus do mhargaí saothair dochta.

**Cén difear a dhéanfar d'fhiontair agus do FBManna?**

Beidh linn níos mó oiliúnaithe agus cothrom na Féinne níos fearr ag FBManna, rud a chuideoidh lena n-iomaíochas.

**An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Bheadh na húdaráis náisiúnta níos éifeachtaí maidir le caidrimh oibre atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a bhrath agus a chomhrac. Thiocfadh tionchar dearfach ar bhuiséid phoiblí ó fháltais mhéadaithe chánach agus slándála sóisialta, ó fhíneálacha a fhorchuirtear agus ó chaiteachas laghdaithe cosanta sóisialta agus gníomhachtaithe. D'eascródh na príomhfhoinsí costas as cur chun feidhme i gcreataí rialála náisiúnta, as inniúlacht na n-údarás iniúchta a neartú agus as bealaí tuairiscithe a bhunú. D'fhéadfaí tionchar diúltach beag ar an mbuiséad a fheiceáil má chinneann soláthraithe tréimhsí oiliúna líon iomlán na bpost ar íocaíocht a laghdú.

**An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?**

Meastar go mbeidh tionchar dearfach láidir ag an rogha thosaíochta ar chearta bunúsacha a áirithiú san Aontas.

**D. Obair leantach**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar meastóireacht ar an Treoir 5 bliana tar éis a teacht i bhfeidhm, tar éis tréimhse thrasuí 2 bhliain, agus ar an Moladh laistigh de thrí bliana tar éis a glactha.